



An Coiste um Fhorbairt

2023/0404(COD)

30.1.2024

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuíg an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh
(COM(2023)0716 – C9-0413/2023 – 2023/0404(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Tomas Tobé

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Measann an Rapóirtéir gur cheart fáilte a chur roimh an togra ón gCoimisiún maidir le Linn Tallainne, ós rud é go bhféadfadh sé comhlánú a dhéanah ar iarrachtaí eile an Aontais dul i dteagmháil le comhpháirtithe nach tíortha de chuid an Aontais iad go straitéiseach maidir le bainistiú imirce agus dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le roinnt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe SFI 8 chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe, cuimsitheach agus inbhuanaithe, fostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách agus SDG 10 maidir le neamhionannais laghdaithe a chur chun cinn. Tá an togra i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (Rialachán NDICI-GE) lena n-áirítear na forálacha a leagtar síos in Aithrisí 50 agus 51, agus seasaimh roimhe seo ón gCoiste um Fhorbairt, e.g., go bhféadfadh beartais imirce dhleathacha atá dea-dheartha agus dea-bhainistithe a bheith ina bhfoinse don nuálaíocht agus don fhorbairt eacnamaíoch, a rachaidh chun tairbhe do na tíortha tionscnaimh agus do na tíortha óstacha araon. Is féidir leis an Linn Tallainne cabhrú leis an Aontas agus lena Bhallstáit bearnaí scileanna i ngairmeacha ar fud an Aontais ina bhfuil ganntanas oibríthe a líonadh, rochtain na bhfostóirí ar réimse éagsúil scileanna agus buanna a leathnú, agus gnóthachain fhrithpháirteacha a chruthú don Aontas agus do chomhpháirtithe trí tíortha. Cuireann an Linn Tallainne luach leis na Comhpháirtíochtaí Tallainne atá ag teacht chun cinn agus d'fhéadfadh sé feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mBallstát, rud a bhfuil gá leis chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na gcomhpháirtíochtaí sin, rud a chruthódh cásanna a rachaidh chun tairbhe do na comhpháirtithe uile lena mbaineann.

Is é Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an chéad ardán ar fud an Aontais a bheidh dírithe ar earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus deiseanna a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist ó thrí tíortha a bhfuil suim acu agus a bhfuil na scileanna acu is gá chun oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibríthe ar fud an Aontais. Tá an tionscnamh deonach, rud a fhágann go bhfuil rogha ag na Ballstáit dul isteach ann nó gan dul isteach ann. Glactar leis go mbeidh idir 11 agus 20 Ballstát páirteach ann faoi 2030, agus go dtiocfaidh tuilleadh Ballstát isteach ann ina dhiaidh sin.

Aithníonn an Rapóirtéir nach féidir leis an Rialachán maidir leis an Linn Tallainne aghaidh a thabhairt ach ar chuid de na bacainní ar leas a bhaint as acmhainneacht imirce lucht saothair a théann chun tairbhe an dá thaobh idir AE agus tíortha atá i mbéal forbartha. Níl ann ach píosa amháin i sraith níos leithne de bhearta reachtacha agus beartais ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a bhfuil gá leo chun go n-éireoidh le himirce lucht saothair, amhail na bearta sin chun cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú agus chun cuimsiú agus lánpháirtiú na n-imirceach dleathach sa tsochaí a éascú. Cuireann an Linn Tallainne le cláir maidir le comhar um fhorbairt lena bhfeabhsaítear forbairt scileanna agus inniúlachtaí, an oideachais agus na gairmoiliúna, agus a mhaoinítear leis an Ionstraim NDICI-GE, agus déanann sí na cláir sin a chomhlánú. Measann an Rapóirtéir, i gcás inarb ábhartha, gur cheart go mbeadh faisnéis maidir le deiseanna chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt, chomh maith le hoideachas agus gairmoiliúint a chuirtear ar fáil trí chláir maidir le comhar um fhorbairt, ar fáil do chuardaitheoirí poist atá rannpháirteach i Linn Tallainne AE.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir nach mór d'ardán TF Linn Tallainne AE a bheith

simplí chun nascleanúint a dhéanamh sa chleachtas. Ba cheart na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin a bheith trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus ba cheart inghlacthacht a bheith ann do chuardaitheoirí poist de gach leibhéal scileanna. Ba cheart go mbeadh rochtain éasca ag cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú ar Linn Tallainne ar fhaisnéis maidir le conas próifíl a chruthú. Ba cheart go mbeadh sé éasca do chuardaitheoirí poist a bheith ar an eolas faoi na poist a bhfuil siad incháilithe dóibh agus d'fhostóirí cáilíochtaí iasachta a aithint. Ba cheart an fhaisnéis a scríobh i dteanga intuigthe, lena n-áirítear, más féidir, teangacha oifigiúla na dtíortha atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil an Linn Tallainne i gcomhréir le prionsabal ginearálta Rialachán NDICI-GE chun cur chuige níos comhordaithe, níos iomlánaíche agus níos struchtúrtha a shaothrú i leith na himirce le comhpháirtithe. Thairis sin, is díol sásaimh don Rapóirtéir go rannchuideoidh Linn Tallainne AE leis an gcuspóir imirce neamhrialta a dhíspreagadh, lena n-áirítear trí rochtain ar bhealaí dlíthiúla atá ann cheana a éascú, lena gcomhlánaítear cláir maidir le comhar um fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna na himirce agus an easáitithe éigeantaigh. Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh rochtain éasca ag cuardaitheoirí poist atá rannpháirteach i Linn Tallainne AE ar fhaisnéis maidir le nósanna imeachta ábhartha tar éis an phróisis roghnúcháin, chomh maith le faisnéis maidir le cúnaimh atá ar fáil d'imirceigh ar mian leo filleadh ar a dtíortha baile, lena n-áirítear maidir le tacaíocht don ath-imeascadh i gcomhthéacs Chomhpháirtíochtaí Tallainne le tíortha i mbéal forbartha.

Creideann an Rapóirtéir nach mór don Linn Tallainne prionsabal an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt a chomhlíonadh, mar a shonraítear in Airteagal 208 CFAE, agus leas iomlán á bhaint as na sineirgí le comhar um fhorbairt AE. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar chur chun feidhme na Linne Tallainne, ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, tionchar an Rialacháin ar chuspóirí chomhar um fhorbairt AE a chur san áireamh.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Ba cheart go rannchuideodh an Linn Tallainne leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, go háirithe Sprioc 8 chun fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, fostaíocht iomlán

tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn agus Sprioc 10 chun neamhionannas a laghdú laistigh de tíortha agus i measc tíortha. Ba cheart do chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Linn Tallainne prionsabal an Chomhtháthaithe Beartais ar mhaithe le Forbairt a chomhlíonadh, lena dtacaítear leis na SDGanna a bhaint amach san Aontas agus i dtríú tíortha.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú freisin le Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun feidhme, atá ar cheann de na príomhghnéithe de ghné sheachtrach an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann³⁰ agus a dhéantar a oibríochtú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas³¹. Ba cheart rannpháirtíocht Ballstáit sa Chomhpháirtíocht Tallainne a bheith gan dochar dá gcinneadh maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

³⁰ COM/2020/609 final.

³¹ COM/2022/657 final.

Leasú

(7) *Is réamhchoinníoll iad comhpháirtíochtaí láidre agus comhar déthaobhach le tríú tíortha le haghaidh scéimeanna éifeachtacha imirce, agus éascaítear leo gnóthachain fhrithpháirteacha a chruthú don Aontas, dá Bhallstáit agus do thríú tíortha.* Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacú freisin le Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun feidhme, atá ar cheann de na príomhghnéithe de ghné sheachtrach an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann³⁰ agus a dhéantar a oibríochtú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas³¹. Ba cheart rannpháirtíocht Ballstáit sa Chomhpháirtíocht Tallainne a bheith gan dochar dá gcinneadh maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

³⁰ COM/2020/609 final.

³¹ COM/2022/657 final.

Or. en

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú leis an gcuspóir imirce neamhrialta a dhíspreagadh, lena n-áirítear trí rochtain ar bhealaí dlíthiúla atá ann cheana a éascú. Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear cead isteach nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵, níor cheart cead a bheith acu a bpróifilí a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach gceadófar dóibh teacht isteach agus fanacht san Aontas. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, sula gcláróidh siad a bpróifilí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, a dhearbhú nach bhfuil siad faoi réir diúltaithe faoi láthair dul isteach nó fanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais. Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin faoi na hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach a dhéanamh ina leith sin.

Leasú

(16) Ba cheart do Linn Tallainne AE rannchuidiú leis an gcuspóir imirce neamhrialta a dhíspreagadh, rud atá comhlántach leis na cuspóirí agus na forálacha maidir le rannpháirtíocht chuiditheach an Aontais i ndáil leis an tsoghluaisteacht agus le gach gné den imirce a leagtar amach i Rialachán NDICI-GE^{34a}, lena n-áirítear trí rochtain ar bhealaí dlíthiúla atá ann cheana a éascú. Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear cead isteach nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵, níor cheart cead a bheith acu a bpróifilí a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach gceadófar dóibh teacht isteach agus fanacht san Aontas. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, sula gcláróidh siad a bpróifilí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, a dhearbhú nach bhfuil siad faoi réir diúltaithe faoi láthair dul isteach nó fanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch an Aontais. Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin faoi na hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach a dhéanamh ina leith sin.

^{34a} ***Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (IO L 209, 14.06.2021, lch. 1.ELI: <https://eur->***

³⁵Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj>).

[lex.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj](http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj)).

³⁵Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj>).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(17) Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh próifíl a chruthú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht tógálaí próifíle Europass³⁶ lena gcumasaítear próifíl saor in aisce a chruthú agus na scileanna, na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha eile a thuairisciú in aon suíomh slán amháin ar líne.

Leasú

(17) Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh próifíl a chruthú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht tógálaí próifíle Europass³⁶ lena gcumasaítear próifíl saor in aisce a chruthú agus na scileanna, na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha eile a thuairisciú in aon suíomh slán amháin ar líne. ***Ba cheart na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin a bheith trédhearcach agus neamhidirdhealaitheach agus ba cheart ba cheart iad a shainiú ar bhealach leathan ionas gur féidir inghlacthacht a bheith ann do chuardaitheoirí poist de gach leibhéal scileanna. Ba cheart go mbeadh rochtain éasca ag cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú ar Linn Tallainne AE ar fhaisnéis maidir le conas próifíl a chruthú. I gcás inarb ábhartha, ba cheart go mbeadh faisnéis maidir le deiseanna chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt, oideachas agus gairmoiliúint a chuirtear ar fáil trí chláir maidir le comhar um fhorbairt, ar fáil do***

³⁶ Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2018/646/oj>).

³⁶ Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2018/646/oj>).

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(23) Leagtar amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ina "Prionsabail ghinearálta agus treoirlínte oibríochtúla maidir le hearcaíocht chóir" roinnt caighdeán maidir le cosaint leordhóthanach cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcoinne earcaíocht éagórach. Ba cheart d'fhostóirí dlí agus cleachtas an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Ina theannta sin ba cheart do na fostóirí cóir chomhionann a áirithiú do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i ndáil le náisiúnaigh na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir le Treoir 2011/98³⁷, Treoir 2014/36/AE³⁸, Treoir 2021/1883/AE³⁹, agus Treoir 2016/801/AE⁴⁰. I gcomhréir le Treoir 2019/1152/AE⁴¹, ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis i scríbhinn agus i dteanga intuigthe faoi na cearta agus na hoibleagáidí a thagann as an gcaidreamh fostaíochta ag tús na fostaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha. Ba cheart an áit agus an cineál oibre, fad na fostaíochta, an luach saothair, na huaireanta oibre, méid aon saoire le pá

Leasú

(23) Leagtar amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ina "Prionsabail ghinearálta agus treoirlínte oibríochtúla maidir le hearcaíocht chóir" roinnt caighdeán maidir le cosaint leordhóthanach cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcoinne earcaíocht éagórach. Ba cheart d'fhostóirí dlí agus cleachtas an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Ina theannta sin ba cheart do na fostóirí cóir chomhionann a áirithiú do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i ndáil le náisiúnaigh na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir le Treoir 2011/98³⁷, Treoir 2014/36/AE³⁸, Treoir 2021/1883/AE³⁹, agus Treoir 2016/801/AE⁴⁰. I gcomhréir le Treoir 2019/1152/AE⁴¹, ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis i scríbhinn agus i dteanga intuigthe (lena n-áirítear, más féidir, teangacha oifigiúla tríú tíortha atá rannpháirteach sna Comhpháirtíochtaí Tallainne) faoi na cearta agus na hoibleagáidí a thagann as an gcaidreamh fostaíochta ag tús na fostaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú

agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre ábhartha eile a áireamh san fhaisnéis sin. Níor cheart d'fhostóir aon táillí earcaíochta a ghearradh ná toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an bhfostóir, ná níor cheart dóibh caitheamh go díobhálach le hoibrí má dhéanann sé nó sí amhlaidh. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Treoir 96/71/CE⁴² arna leasú le Treoir 2018/957 a chomhlíonadh agus iad ag postú oibríthe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, go háirithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a bhunaítear dá réir sin amhail an oibleagáid nach féidir oibríthe tríú tír a phostú chuig Ballstát ach amháin má tá siad fostaithe go dlíthiúil agus de ghnáth i mBallstát eile.

³⁷ Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2009 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoírí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lgh. 1-9, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/98/oj>).

³⁸ Treoir 2014/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibríthe séasúracha IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj>).

³⁹ Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta

tíortha. Ba cheart an áit agus an cineál oibre, fad na fostaíochta, an luach saothair, na huairanta oibre, méid aon saoire le pá agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre ábhartha eile a áireamh ar a laghad san fhaisnéis sin. Níor cheart d'fhostóir aon táillí earcaíochta a ghearradh ná toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an bhfostóir, ná níor cheart dóibh caitheamh go díobhálach le hoibrí má dhéanann sé nó sí amhlaidh. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Treoir 96/71/CE⁴² arna leasú le Treoir 2018/957 a chomhlíonadh agus iad ag postú oibríthe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, go háirithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a bhunaítear dá réir sin amhail an oibleagáid nach féidir oibríthe tríú tír a phostú chuig Ballstát ach amháin má tá siad fostaithe go dlíthiúil agus de ghnáth i mBallstát eile.

³⁷ Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2009 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoírí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lgh. 1-9, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/98/oj>).

³⁸ Treoir 2014/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibríthe séasúracha IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj>).

³⁹ Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta

ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj>).

⁴⁰ Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (athmhúnlú), IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj>).

⁴¹ Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj>).

⁴² Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj>).

ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj>).

⁴⁰ Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (athmhúnlú), IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj>).

⁴¹ Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj>).

⁴² Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj>).

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát rannpháirteach ar a laghad.

Leasú

(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát rannpháirteach ar a laghad, agus, i gcás inarb iomchuí, i dteangacha oifigiúla tríú tíortha atá rannpháirteach sna Comhpháirtíochtaí

Tallainne.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(29) Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh tacú le soláthar faisnéise do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena fheidhmiú agus na Ballstáit atá rannpháirteach inti.

Leasú

(29) Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh tacú le soláthar faisnéise do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena fheidhmiú agus na Ballstáit atá rannpháirteach inti. ***Ba cheart faisnéis ó Thoscaireachtaí an Aontais maidir le feidhmiú Linn Tallainne an Aontais a chur san áireamh agus faireachán á dhéanamh ar Linn Tallainne an Aontais.***

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(36) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha, agus comhlíontar leis na prionsabail, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE.

Leasú

(36) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha, agus comhlíontar leis na prionsabail, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE chomh maith le prionsabal an Chomhtháthaithe Beartais ar mhaithe le Forbairt agus an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 2 (a) (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2a) Déanfar ardán TF Linn Tallainne a dhearadh sa chaoi go mbeidh cuardaitheoirí poist de gach leibhéal scileanna in ann rochtain éasca a fháil ar an ardán agus nascleanúint a dhéanamh air, agus go mbeidh fostóirí in ann cáilíochtaí iasachta a aithint.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8 – mír 2 – pointe (e)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(e) sonraí ábhartha a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 20;

(e) sonraí ábhartha a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 20 agus ar thionchar an Rialacháin seo ar thíortha i mbéal forbartha.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Beidh sé de cheart ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne

4. Beidh sé de cheart ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne

an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó cheardchumann agus ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí a áirithiú. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhú nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa.

an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó cheardchumann agus ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí a áirithiú. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhú nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa. ***Ina theannta sin, bunóidh an Grúpa Stiúrtha sásraí chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear ó thríú tíortha, nuair is gá.***

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 17 – mír 2 – pointe (ea) (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ea) faisnéis maidir leis an gcúnamh atá ar fáil do náisiúnaigh tríú tír ar mian leo filleadh ar a dtíortha baile, lena n-áirítear faisnéis maidir le tacaíocht le haghaidh ath-lánpháirtiú i gcomhthéacs na gComhpháirtíochtaí Tallainne le tíortha i mbéal forbartha;

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 17 – mír 2 – pointe (eb) (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(eb) i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir le deiseanna chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt, oideachas agus gairmoiliúint a chuirtear ar fáil trí chláir maidir le comhar um fhorbairt.

Leasú 14

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe (fa) (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(fa) líon agus cineál na n-earcuithe ó
thíortha i mbéal forbartha.**

Or. en

Leasú 15

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Faoin 31.12.2031 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

1. Faoin 31.12.2031 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus a thionchar ar chuspóirí chomhar an Aontais um fhorbairt á chur san áireamh i gcomhréir le prionsabal an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt.

Or. en